Teach an Phiarsaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theach an Phiarsaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

Cé hé an Piarsach?
Cad atá ar eolas agat faoi?

Ceist 2 Tar éis féachaint amháin, cén líne thíos a dhéanann an cur síos is cruinne ar an tuairisc.

Tá maoiniú faighte le haghaidh Theach an Phiarsaigh agus táthar an-mhíshásta leis an méid a cuireadh ar fáil.

Tá maoiniú faighte le haghaidh Theach an Phiarsaigh agus táthar sásta leis an méid a cuireadh ar fáil.

Tá maoiniú faighte le haghaidh Theach an Phiarsaigh agus cé go bhfuil an méid a fuarthas sásúil, bhíothas ag súil le tuilleadh.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc den dara huair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. Memorial centre _____
2. funding _____
3. 500,000 _____
4. uncertainty _____
5. the sum _____
6. proposal _____
7. put aside _____
8. Office of Public Works _____
9. help _____
10. to complete/ accomplish _____

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo:

   Dhá mhilliún
   Leathmhilliún
   Milliún

2. Scríobh síos an méid a bhí le rá ag Colm Ó Mainnín in dhá abairt.

Ceist 5 Féach ar an sliocht ón bhfoclóir agus freagair na ceisteanna. Tá an t-eolas ar fad le fáil san fhoclóir.



gearrthacha : GEARRADH.
gearrthaíocha, *var. pl. of* GEARRADH.
gearrthamall, *m.* (*gs. & npl.* **-aill,** *gpl.* ~). Short, moderate, space of time.
gearrthán, *m.* (*gs. & npl.* **-áin,** *gpl.* ~). Cutting, clipping.
gearrthóg, *f.* (*gs.* **-óige,** *npl.* ~**a,** *gpl.* ~). **1.** Cutting, snippet; (*pl.*) trimmings. *S.a.* LEABHAR[1] *(d).* **2.** *Cu:* Cutlet.
gearrthóir, *m.* (*gs.* **-óra,** *pl.* ~**í**). **1.** (*Of person, implement*) Cutter. **2.** (Cold) chisel. **3.** *Ich:* Tope.
gearrthóireacht, *f.* (*gs.* ~**a**). (Act of) cutting;

1. Gearrthán:

   an _____
   na _____
   eolas an gh_____
   eolas na ng_____

2. Gearrthóg:

   an _____
   na _____
   blas na g_____
   costas na ng_____

3. Gearrthóir

   an _____
   na _____
   dath an g_____
   dathanna na ng_____

Ceist 6 '…go ceann trí bliana…'

A. Cad is brí leis na téarmaí seo? *go ceann, i gceann, ar feadh*

B. Féach: *go ceann míosa* ***ach*** *go ceann trí mhí*

Anois cad faoi na cinn seo:

- I'll be there in a week's time and I'll stay for three weeks.
- I was on holidays for a fortnight (for two weeks).
- He'll leave the house in one minute. He won't be here for another five minutes.

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén Ghaeltacht ina bhfuil Ros Muc?
Cad iad na Gaeltachtaí ar fad in Éirinn?
An bhfuil cur amach agat ar na Gaeltachtaí ar fad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Tá maoiniú faighte le haghaidh Theach an Phiarsaigh agus cé go bhfuil an méid a fuarthas sásúil, bhíothas ag súil le tuilleadh.

Ceist 3

1. Memorial centre	*Ionad cuimhneacháin*
2. funding	*maoiniú*
3. 500,000	*leathmhilliún*
4. uncertainty	*éiginnteacht*
5. the sum	*an tsuim*
6. proposal	*togra*
7. put aside	*curtha ar leataobh*
8. Office of Public Works	*Oifig na nOibreacha Poiblí*
9. help	*cúnamh*
10. to complete/ accomplish	*a chur i gcrích*

Ceist 4
1. Dhá mhilliún – an méid maoinithe a cuireadh ar fáil do Theach an Phiarsaigh as seo go gceann trí bliana. Leathmhilliún – an méid a chuirfear ar fáil sa bhliain 2014 agus 2016. Milliún – an méid a chuirfear ar fáil sa bhliain 2015.

2. Cuireann sé fáilte mhór roimh an dá mhilliún euro a cuireadh ar fáil don tionscadal. Cé go raibh siad ag súil le ceithre mhilliún, tá sé muiníneach go dtiocfaidh an dá mhilliún eile ó na heagraíochtaí seo: Údarás na Gaeltachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Chomhairle Contae agus Fáilte Éireann.

Ceist 5
1. Gearrthán:
   an gearrthán
   na gearrtháin
   eolas an ghearrtháin
   eolas na ngearrthán

2. Gearrthóg:
   an ghearrthóg
   na gearrthóga
   blas na gearrthóige
   costas na ngearrthóg

3. Gearrthóir
   an gearrthóir
   na gearrthóirí
   dath an ghearrthóra
   dathanna na ngearrthóirí

Ceist 6

A. i gceann – in (a certain amount of time from now)
go ceann – for (a period of time in the future, from now)
ar feadh – for (a period of time)

Mar shampla: Beidh mé ag obair **go ceann** seachtaine eile, ach rachaidh mé ar cuairt chugat ansin **i gceann** seachtaine agus fanfaidh mé **ar feadh** cúpla lá.

B. Is féidir an 'nod' gramadaí seo a insint do na foghlaimeoirí: má thagann focal amháin tar éis réamhfhocail chomhshuite (a bhaineann le ham), cuirtear sa tuiseal ginideach é; má thagann níos mó na focal amháin tar éis réamhfhocail chomhshuite (a bhaineann le ham) ní athraítear iad.

- Beidh mé ansin **i gceann seachtaine** agus fanfaidh mé **ar feadh trí seachtain.**
- Bhí mé ar laethanta saoire **ar feadh coicíse** (**ar feadh dhá sheachain**).
- Fágfaidh sé an teach **i gceann** nóiméid. Ní bheidh sé ansin **go ceann** cúig nóiméad mar sin.

Ceist 7

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonghaile
Tá sé fógartha ag an rialtas go bhfuil dhá mhilliún euro á gcur ar fáil le hionad cuimhneacháin nua a thógáil ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc i gConamara. Is as seo go ceann trí bliana a chuirfear an maoiniú ar fáil, leathmhilliún in 2014, milliún in 2015 agus leathmhilliún in 2016. Bhí éiginnteacht ann roimhe seo maidir leis an tsuim go díreach a bhí le cur ar fáil ag an rialtas don togra faoi chlár cuimhneacháin 1916.

Colm Ó Mainnín
Cuirimid fáilte is fiche roimh an scéal seo a tháinig amach inniu i dtaobh an ionaid ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc. Agus, níl ann ach dhá mhilliún ach san am céanna, bhí dhá mhilliún, bhuel bhí ceithre mhilliún ceaptha ó thuas le haghaidh an togra ar fad, ach ansin tá mé ag ceapadh go bhfuil milliún curtha ar leataobh ag Údarás na Gaeltachta agus tugann sé sin é suas go dtí trí mhilliún, ar nós rud ar bith eile, tiocfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, an Chomhairle Contae, Fáilte Éireann, tiocfaidh siad aníos le ceann eile mar a déarfá, le milliún eile nó pé … a chaithfidh siad a dhéanamh. Cuirimid fáilte mhór roimhe agus cuirimid fáilte roimh chuile[1] dhuine a thug cúnamh dúinn suas go dtí seo, an togra seo a chur i gcrích. Agus, tá sé píosa maith ar bhealach ach san am céanna is breá an rud go dtáinig sé anois.

[1] *gach uile dhuine* atá sa chaighdeán